**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*

**2023/0008(COD)**

23.5.2023

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 (COM(2023)0031 – C9-0010/2023 – 2023/0008(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir don tuairim: Sandra Pereira

(*) Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta: Fernando Fernandez Martín, an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR NA nÁBHAR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....5

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN.....29

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013**
**(COM(2023)0031 – C9-0010/2023 – 2023/0008(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0031),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 338(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0010/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(5) De réir Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), sainíodh tromlach cáilithe de chomhaltaí na Comhairle, inter alia, ar bhonn dhaonra na mBallstát. Chun na críche sin, de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán*** | ***scriosta*** |

***(AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22], tá oibleagáid ar na Ballstáit faoi láthair sonraí maidir leis an daonra iomlán ar an leibhéal náisiúnta a sholáthar don Choimisiún (Eurostat).***

---

***[22] Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach (IO L 330, 10.12.2013, lch. 39).***

Or. pt

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ***teastaíonn*** staidreamh feabhsaithe maidir le húsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht tithíochta, sonraí geografacha mionsonraithe maidir le dáileadh an daonra chomh maith le staidéir níos cuimsithí ar an ngaol idir an daonra agus tithíocht ***chun beartais éifeachtacha a fhorbairt agus a mheas. Le paindéim COVID-19 léiríodh an gá le staidreamh iontaofa, ardmhinicíochta agus tráthúla ar bhásanna san Aontas. Cé gur freastalaíodh ar riachtanais sonraí le bailiú deonach sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat), teastaíonn sásra leordhóthanach ón Aontas le haghaidh bailiú éigeantach na sonraí sin laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) leis an minicíocht, tráthúlacht agus mionsonraí is gá.*** | (7) Chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ***tá forbairt agus meastóireacht beartas éifeachtach bunaithe ar*** staidreamh feabhsaithe maidir le húsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht tithíochta, sonraí geografacha mionsonraithe maidir le dáileadh an daonra chomh maith le staidéir níos cuimsithí ar an ngaol idir an daonra agus tithíocht***.*** |

Or. pt

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Leis an staid dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn agus treochtaí imirce le déanaí cruthaíodh éilimh ar staidreamh Eorpach níos ***tráthúla, níos minice agus níos*** mionsonraithe maidir leis an daonra, teagmhais bheatha agus tithíocht, lena n-áirítear sonraí faoi thopaicí nó faoi ghrúpaí atá éirithe níos ábhartha ar bhonn polaitiúil agus sochaíoch le deich mbliana anuas. Ina theannta sin, ***níl an creat dlí atá ann cheana solúbtha go leor chun oiriúnú do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus chun úsáid foinsí nua ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a éascú. Ina theannta sin,*** mar thoradh ar struchtúr an chreata dhlíthiúil reatha i bhfoirm trí rialachán ar leith, arna nglacadh ag amanna éagsúla, tá neamhréireachtaí bunúsacha sa staidreamh. Ar deireadh, ós rud é go scoirfidh Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 d'fheidhm a bheith aige an 31 Lúnasa 2028, tá gá le bunús dlí nua maidir leis an staidreamh déimeagrafach a bhailítear faoin Rialachán sin. Is gá, dá bhrí sin, creat nua níos comhleanúnaí agus níos solúbtha a chur in ionad an chreata dhlíthiúil reatha ar cheart codanna ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú leis agus Rialacháin (CE) Uimh. 763/2008 agus (AE) Uimh. 1260/2013 a aisghairm leis. | (11) Leis an staid dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn agus treochtaí imirce le déanaí cruthaíodh éilimh ar staidreamh Eorpach níos mionsonraithe maidir leis an daonra, teagmhais bheatha agus tithíocht, lena n-áirítear sonraí faoi thopaicí nó faoi ghrúpaí atá éirithe níos ábhartha ar bhonn polaitiúil agus sochaíoch le deich mbliana anuas. Ina theannta sin, mar thoradh ar struchtúr an chreata dhlíthiúil reatha i bhfoirm trí rialachán ar leith, arna nglacadh ag amanna éagsúla, tá neamhréireachtaí bunúsacha sa staidreamh. Ar deireadh, ós rud é go scoirfidh Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 d'fheidhm a bheith aige an 31 Lúnasa 2028, tá gá le bunús dlí nua maidir leis an staidreamh déimeagrafach a bhailítear faoin Rialachán sin. Is gá, dá bhrí sin, creat nua níos comhleanúnaí agus níos solúbtha a chur in ionad an chreata dhlíthiúil reatha ar cheart codanna ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú leis agus Rialacháin (CE) Uimh. 763/2008 agus (AE) Uimh. 1260/2013 a aisghairm leis. |

Or. pt

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(13) Mar gheall ar chineál roinnt saintréithe daonra agus tithíochta atá ag athrú go tapa, go háirithe maidir le feiniméin dhéimeagrafacha agus imirce, agus mar gheall ar an ngá comhfhreagrach díriú go pras ar bheartais agus iad a chur in oiriúint, is gá go mbeidh staidreamh ar fáil ar bhonn tráthúil go luath i ndiaidh na tréimhse tagartha. Ba cheart, dá bhrí sin, tréimhsiúlacht agus tráthúlacht an staidrimh a chur chun cinn go follasach.*** | ***scriosta*** |

Or. pt

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart an staidreamh feabhsaithe rialta (bliantúil ***agus fobhliantúil***) maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a bhunaítear ar fhoinsí riaracháin a chomhlánú le faisnéis ó dhaonáirimh chomhordaithe agus ó áirimh chomhordaithe thithíochta san Aontas a dhéantar gach deich mbliana i gcomhréir le Prionsabail agus Moltaí na Náisiún Aontaithe. Chomh tábhachtach céanna, le daonáirimh daonra agus áirimh thithíochta tugtar deis uathúil go mbeidh staidreamh oifigiúil le feiceáil, ó thaobh oibríochtaí agus torthaí de. | (18) Ba cheart an staidreamh feabhsaithe rialta (bliantúil) maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a bhunaítear ar fhoinsí riaracháin a chomhlánú le faisnéis ó dhaonáirimh chomhordaithe agus ó áirimh chomhordaithe thithíochta san Aontas a dhéantar gach deich mbliana i gcomhréir le Prionsabail agus Moltaí na Náisiún Aontaithe. Chomh tábhachtach céanna, le daonáirimh daonra agus áirimh thithíochta tugtar deis uathúil go mbeidh staidreamh oifigiúil le feiceáil, ó thaobh oibríochtaí agus torthaí de. |

Or. pt

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart go n-éireodh áirimh an Aontais níos cost-éifeachtúla trí leas iomlán a bhaint as an tsraith fhlúirseach sonraí riaracháin atá ar fáil ar fud na mBallstát nó trí ***theaglaim d'fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear foinsí a bhaineann le hIdirlíon na nEarraí (IoT) agus soláthar seirbhísí digiteacha. Ba cheart*** iad a úsáid freisin chun an bhunlíne dhéimeagrafach a athbhunú agus chun suirbhéanna ar chumhdach na bhfoinsí sonraí riaracháin a chur san áireamh. | (19) Ba cheart go n-éireodh áirimh an Aontais níos cost-éifeachtúla trí leas iomlán a bhaint as an tsraith fhlúirseach sonraí riaracháin atá ar fáil ar fud na mBallstát nó trí ***phrótacail idir institiúidí náisiúnta staidrimh na mBallstát agus soláthraithe sonraí ó bhunachair sonraí phríobháideacha a thabhairt i gcrích. D'fhéadfaí*** iad a úsáid freisin chun an bhunlíne dhéimeagrafach a athbhunú agus chun suirbhéanna ar chumhdach na bhfoinsí sonraí riaracháin a chur san áireamh. |

Or. pt

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart rochtain inbhuanaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar an réimse is leithne is féidir d'fhoinsí sonraí chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus cost-éifeachtúil maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a sholáthar. I ndáil leis sin, ***tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh údaráis*** staidrimh náisiúnta rochtain ***in am agus i dtráth*** ar na sonraí riaracháin atá faoi úinéireacht na riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus go mbeidh siad ábalta iad a úsáid go pras, i gcomhréir le ***hAirteagal 17a*** de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Mar shampla, féadfar staidreamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a bhunú ar shonraí riaracháin a bhaineann le heisiúint deimhnithe fuinnimh foirgneamh faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31]. Ní mór do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheith páirteach freisin i gcinntí i ndáil le dearadh | (20) Ba cheart rochtain inbhuanaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar an réimse is leithne is féidir d'fhoinsí sonraí chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus cost-éifeachtúil maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a sholáthar. I ndáil leis sin, ***ba cheart go mbeadh na húdaráis*** staidrimh náisiúnta ***in ann*** rochtain ***a fháil*** ar na sonraí riaracháin atá faoi úinéireacht na riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus go mbeidh siad ábalta iad a úsáid go pras, i gcomhréir le ***hAirteagal 17a*** de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Mar shampla, féadfar staidreamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a bhunú ar shonraí riaracháin a bhaineann le heisiúint deimhnithe fuinnimh foirgneamh faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31]. Ní mór do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheith páirteach freisin i gcinntí i ndáil le dearadh |

| | |
|---|---|
| agus athfhorbairt foinsí sonraí riaracháin ábhartha chun a áirithiú gur féidir iad a athúsáid tuilleadh chun staidreamh oifigiúil a thiomsú. | agus athfhorbairt foinsí sonraí riaracháin ábhartha chun a áirithiú gur féidir iad a athúsáid tuilleadh chun staidreamh oifigiúil a thiomsú. |
| [31] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO ***L 153, 18.6.2010, lch. 13).*** | [31] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO ***L 153, 18.6.2010, lch. 13).*** |
| | Or. pt |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Le sonraí a choinnítear go príobháideach, féadfar feabhas a chur ar chumhdach, ar thráthúlacht agus ar chumais freagartha i gcás géarchéimeanna an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus le tithíocht nó féadfar nuálaíocht staidrimh a chumasú. Tá an acmhainn le sonraí den sórt sin staidreamh déimeagrafaíochta agus imirce atá ann cheana a chomhlánú, nuálaíocht staidrimh a sholáthar agus fiú iad a úsáid chun luath-mheastacháin a sholáthar. Ba cheart go mbeadh rochtain ag na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta inniúla eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar shonraí den sórt sin ***agus go mbeadh siad ábalta iad*** a úsáid. | (23) Le sonraí a choinnítear go príobháideach, féadfar feabhas a chur ar chumhdach, ar thráthúlacht agus ar chumais freagartha i gcás géarchéimeanna an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus le tithíocht nó féadfar nuálaíocht staidrimh a chumasú. Tá an acmhainn le sonraí den sórt sin staidreamh déimeagrafaíochta agus imirce atá ann cheana a chomhlánú, nuálaíocht staidrimh a sholáthar agus fiú iad a úsáid chun luath-mheastacháin a sholáthar. Ba cheart go mbeadh rochtain ag na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta inniúla eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar shonraí den sórt sin a úsáid ***trí phrótacail shonracha i dtaca le comhroinnt sonraí a thabhairt i gcrích***. ***Is gá d'institiúidí náisiúnta staidrimh a bheith rannpháirteach i gcinntí maidir le dearadh prótacal i ndáil le foinsí sonraí ó bhunachair sonraí phríobháideacha.*** |
| | Or. pt |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) Chun inchomparáideacht an Staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht ar leibhéal an Aontais a áirithiú, tá sé bunriachtanach go n-úsáidfear sainmhínithe comhchoiteanna daonra agus go gcuirfear chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe iad. Chun an bonn daonra comhchuibhithe aonair a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach, láidir agus cost-éifeachtúil agus torthaí tráthúla á n-áirithiú, ní mór modhanna staidrimh agus teicnící samhaltaithe amhail 'comharthaí beatha' agus 'ráta fanachta' a chur i bhfeidhm.*** | ***scriosta*** |

Or. pt

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart don staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht na critéir cháilíochta a chomhlíonadh maidir le hábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, inchomparáideacht agus comhleanúnachas a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Ba cheart a gcáilíocht a fheabhsú de réir mar a fhorbróidh riachtanais an Aontais. Ba cheart torthaí iomchuí ón measúnú cáilíochta arna dhéanamh ag an gCoimisiún (Eurostat) a bheith ar fáil go poiblí d'úsáideoirí staidrimh. Ba cheart rochtain éasca saor in aisce a bheith ar an staidreamh sin trí bhunachair shonraí an Choimisiúin | (26) Ba cheart don staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht na critéir cháilíochta a chomhlíonadh maidir le hábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, inchomparáideacht agus comhleanúnachas a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Ba cheart a gcáilíocht a fheabhsú de réir mar a fhorbróidh riachtanais an Aontais. Ba cheart torthaí iomchuí ón measúnú cáilíochta arna dhéanamh ag an gCoimisiún (Eurostat) a bheith ar fáil go poiblí d'úsáideoirí staidrimh. Ba cheart rochtain éasca saor in aisce a bheith ar an staidreamh sin trí bhunachair shonraí an Choimisiúin |

| | |
|---|---|
| (Eurostat) ar a shuíomhanna gréasáin agus ina chuid foilseachán. | (Eurostat) ar a shuíomhanna gréasáin agus ina chuid foilseachán. ***Beidh sé de cheangal ar an gCoimisiún (Eurostat) scaipeadh inneachar an bhunachair sonraí a éascú trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár a chur ar fáil d'úsáideoirí.*** |
| | Or. pt |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Nuair bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhroinnt sonraí de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] nó Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála agus sláine agus rúndacht a chur i bhfeidhm go hiomlán. ***Go sonrach***, ba cheart sásraí comhroinnte sonraí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme a roghnú seachas tarchur díreach sonraí. | (30) Nuair ***a*** bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhroinnt sonraí de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] nó Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart ***forálacha na rialachán seo a chur i bhfeidhm go hiomlán. Go háirithe, ba cheart*** prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála agus sláine agus rúndacht a chur i bhfeidhm go hiomlán. ***Chun na críche sin***, ba cheart sásraí comhroinnte sonraí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme a roghnú seachas tarchur díreach sonraí. ***Ina theannta sin, ba cheart comhroinnt sonraí a bheith faoi réir coimircí iomchuí, lena n-áirítear anaithnidiú agus bréaganaithnidiú, chun sonraí a phróiseáil d'fhonn cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, ar mhaithe le taighde stairiúil nó eolaíoch nó chun críocha staidrimh eile.*** |
| [37] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta | [37] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta |

| | |
|---|---|
| maidir le Cosaint Sonraí) (IO ***L 119, 4.5.2016, lch. 1).*** | maidir le Cosaint Sonraí) (IO ***L 119, 4.5.2016, lch. 1).*** |
| | Or. pt |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Ba cheart staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíochta a fhorbairt chun aird a thabhairt ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn de bharr ***tosaíochtaí beartais atá ag athrú, chomh maith le hathruithe*** ar an staid dhéimeagrafach, imirce, shóisialta nó eacnamaíoch san Aontas. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) treoirstaidéir a dhéanamh ina ndéanfar measúnú ar a indéanta atá na hoiriúnuithe lena mbaineann de réir mar is iomchuí agus ba cheart dó gnéithe amhail costais agus ualaí riaracháin ar na Ballstáit agus infhaighteacht foinsí iomchuí sonraí a chur san áireamh. | (34) Ba cheart staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíochta a fhorbairt chun aird a thabhairt ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn de bharr ***athruithe*** ar an staid dhéimeagrafach, imirce, shóisialta nó eacnamaíoch san Aontas. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) ***agus do na Ballstáit, go háirithe a n-institiúidí staidrimh náisiúnta nó údaráis staidrimh eile,*** treoirstaidéir a dhéanamh ina ndéanfar measúnú ar a indéanta atá na hoiriúnuithe lena mbaineann de réir mar is iomchuí agus ba cheart dó gnéithe amhail costais agus ualaí riaracháin ar na Ballstáit agus infhaighteacht foinsí iomchuí sonraí a chur san áireamh. |
| | Or. pt |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(35) Chun treochtaí déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta chomh maith le forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta, tuairisc, tréimhsiúlachtaí agus amanna tagartha na dtopaicí mionsonraithe a chumhdaítear le staidreamh Eorpach*** | ***scriosta*** |

***maidir leis an daonra agus le tithíocht a leasú; an tréimhsiúlacht agus na hamanna tagartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta agus an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit a shonrú ar bhonn ad hoc. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[39]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

---

***[39] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.***

Or. pt

*Réasúnú*

*Ní féidir forálacha na haithrise seo a ghlacadh ach amháin trí nós imeachta comhchinnteoireachta agus Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar chomhreachtóir.*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) I gcás ina mbeadh gá, de bharr chur chun feidhme an Rialacháin seo, nó na ngníomhartha ***tarmligthe agus na*** | (38) I gcás ina mbeadh gá, de bharr chur chun feidhme an Rialacháin seo, nó na ngníomhartha cur chun feidhme arna |

***ngníomhartha*** cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun, le mórathruithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit maidir le soláthar sonraí a bhfuil tréimhsiúlacht níos lú ***ná 10*** mbliana ag baint leis, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta, i gcásanna cuí-réasúnaithe agus ar feadh tréimhse theoranta, maoluithe a dheonú do na Ballstáit lena mbaineann.

nglacadh dá bhun, le mórathruithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit maidir le soláthar sonraí a bhfuil tréimhsiúlacht níos lú ***ná 10*** mbliana ag baint leis, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta, i gcásanna cuí-réasúnaithe agus ar feadh tréimhse theoranta, maoluithe a dheonú do na Ballstáit lena mbaineann.

Or. pt

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) I gcás nach féidir na himthosca a ndéantar cur síos orthu i bpointe (a) nó i bpointe (b) a fhíorú, ciallóidh 'gnátháit chónaithe' an áit chónaithe dhlíthiúil nó an áit chónaithe chláraithe;*** |

Or. pt

*Réasúnú*

*Ba cheart forálacha Airteagal 2(d) de Rialachán Uimh. 763/2008 agus Airteagal 2(d) de Rialachán Uimh. 1260/2013 a thabhairt isteach arís, ós rud é nach gcuimsítear go hiomlán sna cláir daonra coincheap an 'bhoinn daonra' atá sa togra ón gCoimisiún, ina dtagraítear do thréimhsí cónaithe. Ní féidir foráil a dhéanamh maidir le comhchuibhiú an choincheapa seo do chuspóirí amach anseo ach amháin trí chórais chlárúcháin atá ann cheana a mhodhnú nó trí chláir nua a tharraingt suas.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun liosta na dtopaicí mionsonraithe san Iarscríbhinn a leasú. Glacfar an gníomh*** | ***scriosta*** |

***tarmligthe 12 mhí ar a laghad roimh thús an ama tagartha ábhartha.***

Or. pt

*Réasúnú*

*Níor cheart leasuithe a dhéanamh ar an iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ach amháin trí ghnáthnós imeachta reachtach agus Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar chomhreachtóir.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Agus an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfear ualach suntasach díréireach ar na Ballstáit agus ar fhreagróirí suirbhéanna leis na gníomhartha sin. Déanfar aon ábhar mionsonraithe nua a mheasúnú i ndáil lena indéantacht trí bhíthin treoirstaidéar arna ndéanamh ag an gCoimisiún (Eurostat) agus ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 14.*** | ***scriosta*** |

Or. pt

*Réasúnú*

*Níor cheart leasuithe a dhéanamh ar an iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ach amháin trí ghnáthnós imeachta reachtach agus Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar chomhreachtóir.*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Soláthróidh na Ballstáit an | 1. Soláthróidh na Ballstáit an |

| | |
|---|---|
| staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht gach ***ráithe, gach sé mhí, gach*** bliain agus ar bhonn ilbhliantúil, agus i ndaonáireamh agus áireamh tithíochta deichbhliantúil. | staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht gach bliain agus ar bhonn ilbhliantúil, agus i ndaonáireamh agus áireamh tithíochta deichbhliantúil. |

Or. pt

*Réasúnú*

*Ba cheart go mbeadh gá le sonraí maidir leis an mbonn daonra ag eatraimh bhliantúla, i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhaineann le sonraí fobhliantúla a sholáthar trí úsáid a bhaint as samhlacha riaracháin reatha.*

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Is é an 31 ***Nollaig 2025*** an chéad dáta tagartha a mbeidh staidreamh bliantúil ar an topaic ‘stoic daonra‘ le soláthar ina leith. Is in ***2026*** a sholáthrófar an chéad am tagartha a mbeidh aon staidreamh eile ina leith faoin Rialachán seo. | 5. Is é an 31 ***Nollaig 2026*** an chéad dáta tagartha a mbeidh staidreamh bliantúil ar an topaic ‘stoic daonra‘ le soláthar ina leith. Is in ***2027*** a sholáthrófar an chéad am tagartha a mbeidh aon staidreamh eile ina leith faoin Rialachán seo. |

Or. pt

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Iarscríbhinn a leasú trí na tréimhsiúlachtaí agus na hamanna tagartha a thabhairt cothrom le dáta.*** | ***scriosta*** |

Or. pt

*Réasúnú*

*Níor cheart leasuithe a dhéanamh ar an iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ach*

*amháin trí ghnáthnós imeachta reachtach agus Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar chomhreachtóir.*

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 7*** | ***scriosta*** |
| ***Ceanglais staidrimh ad hoc*** | |
| ***1. Cuirfidh na Ballstáit tacair shonraí agus meiteashonraí ad hoc ar fáil don Choimisiún (Eurostat).*** | |
| ***2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 17 trí na tacair shonraí agus na meiteashonraí a bheidh le soláthar ag na Ballstáit ar bhonn ad hoc a shonrú, i gcás ina measfar gur gá staidreamh breise a bhailiú chun freastal ar riachtanais staidrimh bhreise faoin Rialachán seo.*** | |
| ***3. Sonrófar an méid seo a leanas sna gníomhartha tarmligthe sin:*** | |
| ***(a) na topaicí mionsonraithe atá le soláthar sna tacair shonraí ad hoc agus na cúiseanna leis na riachtanais bhreise staidrimh sin;*** | |
| ***(b) na hamanna tagartha.*** | |
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh ag tosú leis an mbliain tagartha 2027 agus dhá bhliain ar a laghad idir gach bailiúchán ad hoc.*** | |
| ***5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun airíonna teicniúla na dtacar sonraí ad hoc agus na meiteashonraí dá dtagraítear i mír 2 a shonrú. Sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin na*** | |

***gnéithe teicniúla seo a leanas, i gcás inarb iomchuí:***

***(a) teidil athróg, a sonraíochtaí teicniúla agus miondealuithe;***

***(b) sonraíochtaí mionsonraithe na n-aonad staidrimh agus na meiteashonraí;***

***(c) aicmithe staidrimh a úsáidfear;***

***(d) spriocdhátaí soláthair.***

***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin in Airteagal 18(2) tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh thosach an ama tagartha.***

Or. pt

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) staidreamh maidir le tréimhsiúlacht ráithiúil agus sé mhí ar a dhéanaí faoi suas le lá oibre amháin i ndiaidh an fhoilsithe náisiúnta;*** | ***scriosta*** |

Or. pt

*Réasúnú*

*Ba cheart go mbeadh gá le sonraí maidir leis an mbonn daonra ag eatraimh bhliantúla, i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhaineann le sonraí fobhliantúla a sholáthar trí úsáid a bhaint as samhlacha riaracháin reatha.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach amháin maidir le sonraí arna dtiomsú ar leibhéal na mBallstát, i*** |

***gcomhréir leis na sainmhínithe agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus ina rialacháin cur chun feidhme.***

Or. pt

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 10 | ***scriosta*** |
| ***Sonraí riaracháin a rochtain agus a athúsáid go tráthúil*** | |
| ***1. Ceadóidh na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar fhoinsí sonraí riaracháin atá ábhartha chun críocha an Rialacháin seo athúsáid a bhaint as na sonraí sin in go leor ama agus minic go leor chun staidreamh a sholáthar agus a chur isteach laistigh de na spriocdhátaí agus i gcomhréir leis na ceanglais shonracha cháilíochta de réir an Rialacháin seo. Áireofar rochtain thráthúil ar thaifid riaracháin, mar aon lena módúlachtaí oibríochtúla, i gcomhaontuithe comhair atá le bunú idir na húdaráis náisiúnta sin agus na húdaráis staidrimh náisiúnta.*** | |
| ***2. Chun críche an Rialacháin seo, ceadófar don Choimisiún (Eurostat), arna iarraidh sin, rochtain agus athúsáid thráthúil a fháil ar shonraí ábhartha agus ar mheiteashonraí ábhartha ó bhunachair sonraí agus ó chórais idir-inoibritheachta arna gcoimeád ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear faoi Rialacháin (AE) Uimh. 910/2014, (AE) 2018/1724 agus ar shonraí staidrimh arna stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS), i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 agus na Rialacháin lena mbunaítear na córais a stóráiltear a gcuid sonraí staidrimh in CRRS. Chuige*** | |

***sin, comhoibreoidh an Coimisiún (Eurostat) tuilleadh leis na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais d'fhonn na sonraí staidrimh agus meiteashonraí saincheaptha is gá a shonrú , i gcás inar féidir faoi dhlí an Aontais, maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht, leis na módúlachtaí oibriúcháin maidir lena soláthar agus leis na cosaintí riachtanacha fisiceacha agus loighciúla a ghabhann leo.***

Or. pt

*Réasúnú*

*Féach leasú ar aithris (20). Foráiltear cheana féin le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 go bhféadfaí sonraí a athúsáid. Níl gá, dá bhrí sin, le haon fhoráil bhreise sa Rialachán seo.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** na Ballstáit ***a bheith*** rannpháirteach sna staidéir sin ***ach áiritheoidh siad, i gcomhar leis an gCoimisiún*** (Eurostat), ***go mbeidh na staidéir sin ionadaíoch*** ar leibhéal an Aontais. | 2. ***Beidh*** na Ballstáit rannpháirteach sna staidéir sin***, lena n-áiritheofar a n-ionadaíocht*** ar leibhéal an Aontais. |

Or. pt

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastóireacht ar thorthaí na staidéar sin ***i gcomhar*** leis na Ballstáit. Ullmhóidh an | 3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastóireacht ar thorthaí na staidéar sin ***in éineacht*** leis na Ballstáit. Ullmhóidh an |

| | |
|---|---|
| Coimisiún (Eurostat) ***i gcomhar*** leis na Ballstáit tuarascálacha ar thorthaí na staidéar sin. | Coimisiún (Eurostat) ***in éineacht*** leis na Ballstáit**,** tuarascálacha ar thorthaí na staidéar sin. |

Or. pt

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Féadfar*** ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais do na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh agus do na húdaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 le haghaidh: | 1. ***Déanfar*** ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais do na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh agus do na húdaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 le haghaidh: |

Or. pt

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) feabhas a chur ar acmhainní teicniúla agus daonna chun lucht saothair cáilithe agus cobhsaí a chur ar fáil trína chur ar chumas na n-institiúidí staidrimh náisiúnta nó na n-údarás inniúil eile foireann a earcú agus a choinneáil agus oiliúint a chur ar fáil.*** |

Or. pt

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 17*** | ***scriosta*** |
| ***An tarmligean a fheidhmiú*** | |

***1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.***

***2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 6(6) agus Airteagal 7(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin].***

***3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(3), Airteagal 6(6) agus in Airteagal 7(2)a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun tarmligean a chúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.***

***4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

***5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

***6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 5(3), Airteagal 6(6) agus Airteagal 7(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint***

***na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***

Or. pt

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina gceanglaítear, le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó ***leis*** na gníomhartha ***tarmligthe nó na gníomhartha*** cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun, go ndéanfar mór-oiriúnuithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún maoluithe a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, do Bhallstát ar feadh ***dhá bhliain*** ar a mhéad. | 1. I gcás ina gceanglaítear, le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun, go ndéanfar mór-oiriúnuithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún maoluithe a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, do Bhallstát ar feadh ***trí bliana*** ar a mhéad. |

Or. pt

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 19a*** |
| | ***Cuspóirí*** |
| | ***Is é an t-aon chuspóir amháin a bheidh ag forálacha an Rialacháin seo, agus ag na sonraí staidrimh a chumhdaítear leis, staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus leis an tithíocht a thiomsú, a tháirgeadh agus a scaipeadh mar a fhoráiltear in Airteagal 1 agus ní bheidh*** |

***na forálacha, i gcás ar bith, ina bhforas chun neamhshiméadrachtaí a dhoimhniú idir Stáit ná le haghaidh smachtbhannaí nó imeachtaí sáraithe.***

Or. pt

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Tábla 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Déimeagrafa íocht | Stoic daonra | Saintréithe bunúsacha an duine | ***6M*** | ***30.06.BB agus*** 31.12. BB |
| | | | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | | Saintréithe socheacnam aíocha an duine | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | Torthúlacht | Breitheanna | ***Q*** | ***Mí*** |
| | | | A | Bliain |
| | | Foirceannadh toirchis go dleathach[1] | A | Bliain |
| | Básmhaireacht | Básanna | ***Q*** | ***Mí, Seachtain*** |
| | | | A | Bliain |
| | | Básanna naíonán | A | Bliain |
| | | Básanna déanacha féatais | A | Bliain |
| | Páirtnéireachtaí | Póstaí agus páirtnéireachtaí cláraithe | A | Bliain |
| | | Saintréithe daoine a théann | A | Bliain |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | isteach i bpósadh nó i bpáirtnéireacht chláraithe | | |
| | | Colscarthaí agus páirtnéireachtaí cláraithe foirceanta | A | Bliain |
| | Imirce | Inimircigh | ***Q*** | ***Mí*** |
| | | | A | Bliain |
| | | Eisimircigh | A | Bliain |
| | | Imirce inmheánach | A | Bliain |
| | Fáil agus cáilliúint náisiúntacht Bhallstáit den Aontas agus saoránacht an Aontais | Daoine a fuair saoránacht | A | Bliain |
| | | Daoine a chaill /a ghéill saoránacht | A | Bliain |

[1] Is ar bhonn deonach a sholáthrófar na sonraí sin.

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Déimeagrafa íocht | Stoic daonra | Saintréithe bunúsacha an duine | ***A*** | 31.12.BB |
| | | | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | | Saintréithe socheacnam aíocha an duine | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | Torthúlacht | Breitheanna | ***A*** | ***Bliain*** |
| | | | A | Bliain |
| | | Foirceannadh toirchis go dleathach[1] | A | Bliain |
| | Básmhaireac | Básanna | ***A*** | ***Bliain*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ht | | A | Bliain |
| | Básanna naíonán | A | Bliain |
| | Básanna déanacha féatais | A | Bliain |
| Páirtnéireach taí | Póstaí agus páirtnéireach taí cláraithe | A | Bliain |
| | Saintréithe daoine a théann isteach i bpósadh nó i bpáirtnéireacht chláraithe | A | Bliain |
| | Colscarthaí agus páirtnéireach taí cláraithe foirceanta | A | Bliain |
| Imirce | Inimircigh | ***A*** | ***Bliain*** |
| | | A | Bliain |
| | Eisimircigh | A | Bliain |
| | Imirce inmheánach | A | Bliain |
| Fáil agus cáilliúint náisiúntacht Bhallstáit den Aontas agus saoránacht an Aontais | Daoine a fuair saoránacht | A | Bliain |
| | Daoine a chaill /a ghéill saoránacht | A | Bliain |

[1] Is ar bhonn deonach a sholáthrófar na sonraí sin.

Or. pt

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Tréimhsiúlacht | |
|---|---|
| ***Gach ráithe*** | ***Q*** |
| ***Gach 6 mhí*** | ***6M*** |
| Gach bliain | A |
| Go hilbhliantúil (blianta dar críoch ‘1’, ‘5’, ‘8’) | MA |
| Gach deich mbliana (blianta dar críoch ‘1’) | D |

*Leasú*

| Tréimhsiúlacht | |
|---|---|
| ***scriosta*** | ***scriosta*** |
| ***scriosta*** | ***scriosta*** |
| Gach bliain | A |
| Go hilbhliantúil (blianta dar críoch ‘1’, ‘5’, ‘8’) | MA |
| Gach deich mbliana (blianta dar críoch ‘1’) | D |

Or. pt

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Is uirlis thábhachtach é eolas staidrimh a mhéid a bhaineann le bealaí a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ilghnéitheacha a bhíonn ag an bpobal go minic.

Go deimhin, tá eolas cruinn, thar aon ní eile, riachtanach chun na deacrachtaí atá ann cheana a shainaithint agus chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar shaincheisteanna amhail bochtaineacht, éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha agus easpa rochtana saor in aisce ar bhonneagair agus ar sheirbhísí poiblí uilíocha ar ardchaighdeán, mar aon le tithíocht, comhionannas inscne laistigh agus lasmuigh den ionad oibre agus measúnú fuinnimh ar thithe, gan ach cuid acu a lua, ina measc siúd.

Cuireann forbairtí maidir le córais staidrimh, mar aon le tiomsú digiteach, stóráil agus scaipeadh staidrimh, ar ár gcumas anois cinntí níos eolasaí a dhéanamh. Ní áirithíonn siad, áfach, go gcuideoidh cinntí a dhéantar ar bhonn na faisnéise sin le dul chun cinn a dhéanamh. Sin é an cúram atá ar lucht ceaptha beartas.

Tá staidreamh maidir le daonra agus tithíocht mar chuid de thacar croí-shonraí a d'fhág go rabhthas in ann le tamall anuas comparáidí a dhéanamh idir tíortha éagsúla a chumhdaíonn imirce agus réimsí eile. Mar shampla, cuireann na háirimh a dhéantar gach 10 mbliana sna Ballstáit faisnéis chabhrach ar fáil maidir le treochtaí daonra agus tithíochta, agus is ríluachmhar an rannchuidiú a dhéanann na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta nó údaráis inniúla eile sna Ballstáit.

Dá réir sin, ní mór na hacmhainní teicniúla agus daonna is gá a bheith ag na hinstitiúidí sin chun a gcuid oibre a dhéanamh agus chun a áirithiú go gcuirfear faisnéis iontaofa ar fáil. Is eol dúinn, i roinnt Ballstát, nach féidir a shéanadh go bhfuil obair fós le déanamh sa réimse seo chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach. I bhfianaise an mhéid sin, agus i bhfianaise na ndifríochtaí idir córais staidrimh náisiúnta i réimsí sonracha áirithe, measann an Rapóirtéir gur gá a áirithiú nach mbeidh tionchar díréireach ag an Rialachán seo ar na Ballstáit agus ar a gcomhlachtaí náisiúnta staidrimh. Ar an gcúis sin, tá an t-eatramh íosta um thuairisciú socraithe ag bliain amháin, rud a fhágann nach bhfuil gá le staidreamh fobhliantúil éigeantach.

Déantar córais staidrimh náisiúnta na mBallstát éagsúil a struchtúrú ar bhealach éagsúil, agus saintréithe agus leibhéil forbartha dá gcuid féin ag gach ceann acu. Dá réir sin, d'fhéadfadh comhchuibhiú an choincheapa de bhonn seasta daonra a bhaineann le tréimhsí cónaithe, mar atá leagtha amach sa togra le haghaidh Rialacháin, drochthionchar díréireach a imirt ar Bhallstáit áirithe, go háirithe ar na Ballstáit sin a úsáideann foinsí riaracháin. Thairis sin, tá sé de fhreagracht ar na Ballstáit a chinneadh conas a choinnítear a sonraí staidrimh agus a dtaifid daonra. I mBallstáit áirithe, cheanglódh coincheap daonra-bhunaithe den sórt sin go ndéanfaí taifid staidrimh daonra a athstruchtúrú nó a thabhairt isteach, rud nach meastar a bheith inmhianaithe. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir go gcoinneofaí an fhoclaíocht in Airteagal 2(d) de Rialachán Uimh. 763/2008 agus in Airteagal 2(d) de Rialachán Uimh. 1260/2013.

Leis na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún Eorpach faoina togra, ceadaítear an clár a leasú agus a shíneadh go haontaobhach agus chun a mhinicíocht agus a thréimhsí tagartha a choigeartú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, agus ar an gcaoi sin an deimhneacht dhlíthiúil

agus an intuarthacht is gá maidir le costais agus pleanáil do chomhlachtaí staidrimh náisiúnta nó d'údaráis inniúla eile a cheistiú. Dá bhrí sin, measaimid gur cheart aon leasuithe den sórt sin a chur síos tríd an ngnáthnós imeachta reachtach, rud a fhágfaidh go mbeidh na daoine lena mbaineann in ann a dtuairimí a chur in iúl agus am a thabhairt dóibh ullmhú.

Is gá freisin na caighdeáin is airde cosanta sonraí agus príobháideachais a áirithiú trí na ceanglais maidir le hanaithnidiú agus bréaganaithnidiú iomchuí a chomhlíonadh, go háirithe maidir le hinfhaighteacht, próiseáil, scaipeadh agus comhroinnt sonraí staidrimh.